
An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Measúnú trí Ghaeilge: Treoir Phraiticiúil agus Ábhar Tacaíochta do Mhúinteoirí Bunscoile




2024

© 2024 An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Arna fhoilsiú ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta, Baile Átha Cliath

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Brollach | 2 |
| Réamhrá | 4 |
| Cód Rangúcháin | 6 |
| An Mhatamaitic | 7 |
| An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne | 11 |
| Áiseanna Ilchineálacha a bhfuil baint acu le Cúrsaí Measúnaithe | 22 |
| Aguisín | 28 |

# Brollach

Táim fíorbhuíoch d'údar an Leabhráin seo Anne English as an acmhainn luachmhar chuimsitheach ar chúrsaí measúnaithe agus ábhar tacaíochta a chur le chéile do phríomhoidí agus do mhúinteoirí i mbunscoileanna Gaeltachta agus i ngaelscoileanna.

D'eascair an Leabhrán seo as an taighde ***Freastal ar Riachtanais Speisialta Oideachais i mBunscoileanna Gaeltachta: Tuarascáil Taighde 2024 (COGG)***. Is í Anne English údar an Tuarascála Taighe agus thuig sí agus í i mbun an taighde an gá a bhain leis na háiseanna measúnaithe go léir atá ar fáil a chur le chéile agus a chur ar fáil in aon áit amháin. Tuigtear go maith nach bhfuil an líon nó an réimse céanna áiseanna agus trialacha measúnaithe ar fáil d'earnáil an tumoideachais is atá ar fáil d'earnáil an oideachais sa Bhéarla, ach ag an am céanna tá níos mó ar fáil ná mar a cheaptar.

Fad is a bhí an liosta á chur le chéile agus cuardach cuimsitheach ar bun le cinntiú go raibh gach áis atá ar fáil luaite sa leabhrán, lorgaíodh comhairle agus cabhair ar an-chuid daoine agus eagraíochtaí éagsúla. Gabhtar buíochas le daoine as a gcuid eolais a roinnt léi agus as a gcuid comhairle chomh maith. Thar ceann Anne agus thar ceann COGG ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl go speisialta do na daoine seo a leanas: Ciara Ní Bhroin ó Ghaeloideachas, an Dr. Sinéad Nic Aindriú ó Shealbhú, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Máire Nic an Rí, an Dr. Jacaí de Brún, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Aingeal Nic an tSábhaisigh ón Áisaonad, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Cigireacht na Roinne Oideachais agus Micheál S. Mac Donnacha agus Bríd Ní Dhonnchadha, Oifigigh Oideachais le COGG. Mo bhuíochas freisin le Pól Ó Cainin ó COGG a rinne an phrofáil dheireanach ar an gcáipéis.

Cuirtear ábhar an Leabhráin seo ar fáil mar threoir faisnéise amháin. Tá sé ceaptha chun rochtain phoiblí ar fhaisnéis faoi acmhainní measúnaithe agus ábhar tacaíochta do mhúinteoirí bunscoile a chur ar fáil. Cé go ndéantar gach iarracht ábhar a ullmhú le haghaidh foilsithe ní ghlacann COGG le freagracht ar bith, nó thar ceann COGG, as aon earráidí, easnaimh nó ráitis mhíthreoracha atá luaite sna hacmhainní seo. Cé go ndéantar gach iarracht iontaofacht an ábhair liostaithe a chinntiú, ní féidir glacadh leis go bhfuil COGG ag faomhadh na n-acmhainní.

Ar feadh ár n-eolais agus ár dtuisceana, ta an t-ábhar cruinn sa liosta acmhainní seo ag tráth an chló. Tá an Leabhrán seo ar fáil ar shuíomh COGG **www.cogg.ie** agus tá sé i gceist cur leis de réir mar a thagann áiseanna nua ar an saol nó mar a thagann áiseanna chun solais nach bhfuil luaite sa Leabhrán.

Cuirfear fáilte roimh aon mholtaí chun an t-eolas sa Leabhrán a iomlánú nó a leasú.

Gabhaim buíochas arís le Anne English as an dua agus an díograis a chaith sí leis an acmhainn luachmhar seo a chur le chéile. Táim cinnte gur acmhainn an-úsáideach a bheidh ann d'oideachasóirí san earnáil T1 bunscoile.

Jacqueline Ní Fhearghusa

Príomhfheidhmeannach COGG

Lúnasa 2024

# Réamhrá

Táthar ag súil gur leabhrán so-úsáidte é seo agus go mbeidh sé ina chabhair ag múinteoirí bunscoile agus iad ag iarraidh áiseanna measúnaithe trí Ghaeilge a aimsiú nó teacht ar eolas trí Ghaeilge a bhaineann go díreach nó go hindíreach le cúrsaí measúnaithe. Táthar ag súil freisin go mbeidh sé ina chabhair acu siúd a mbeidh cinntí á ndéanamh acu amach anseo maidir le breis áiseanna measúnaithe a chruthú do bhunscoileanna T1.

Sa leabhrán seo, gheobhaidh an múinteoir:

- áiseanna measúnaithe;
- áiseanna nach áiseanna measúnaithe go sonrach iad ach a d'fhéadfaí a úsáid agus measúnú á dhéanamh; agus
- cáipéisí ina bhfuil eolas trí Ghaeilge i dtaobh cúrsaí measúnaithe i gcoitinne.

Pléitear leis na háiseanna measúnaithe / áiseanna a bhféadfaí úsáid a bhaint astu agus measúnú á dhéanamh faoi thrí phríomhcheannteideal:

- An Mhatamaitic
- An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne
- Áiseanna Ilchineálacha a bhfuil baint acu le Cúrsaí Measúnaithe

Tá cód rangúcháin in úsáid sna táblaí a chuirtear ar fáil ionas go mbeidh múinteoirí in ann na *príomhghnéithe* den fhoghlaim a bhaineann leis na háiseanna éagsúla a aimsiú go héasca. Ach ní hionann sin is a rá go bhfuil gach gné den fhoghlaim lena bpléitear sna háiseanna sin san áireamh luaite sa chód rangúcháin; níor mhór don mhúinteoir a bhfuil mioneolas ag teastáil uaidh/uaithi léamh trí na háiseanna ina n-iomláine.

Baineann an Aguisín ag cúl an leabhráin le háiseanna agus foilseacháin (trí Ghaeilge) a bhfuil baint acu go díreach nó go hindíreach le cúrsaí measúnaithe, den chuid is mó. Cé nach uirlisí measúnaithe go sonrach iad na cáipéisí a luaitear ansin, is fiú iad a lua mar tá neart acmhainní iontu ar féidir úsáid a bhaint astu agus múinteoirí i mbun measúnaithe, measúnú a bhaineann le

RSO (riachtanais speisialta oideachais) san áireamh. Tugtar tús áite don fhoilseachán *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 2007), cáipéis a cuireadh le chéile 'd'fhonn eolas agus tuiscint múinteoirí ar mheasúnú a thacú, agus d'fhonn cuidiú le scoileanna polasaí ar mheasúnú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm' (lch 3). Cé nach bhfuil baint ar leith ag *Freagairt do Theagmhais Chriticiúla: Treoirlínte agus Ábhair Acmhainne do Scoileanna ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016) le cúrsaí measúnaithe go díreach, cinneadh ar an bhfoilseachán sin a lua toisc a thábhachtaí is atá sé go mbeadh an leagan Gaeilge den acmhainn seo in aice láimhe ag múinteoirí in am an ghátair.

Ní leor go mbeadh múinteoirí ar an eolas faoi na háiseanna agus na foilseacháin chuí; is den riachtanas é go mbeidís in ann teacht orthu gan mórán stró. Chuige sin, tá naisc á gcur ar fáil, rud a chuirfidh ar chumas na múinteoirí an t-ábhar a aimsiú ar líne nó tuilleadh eolais a fháil faoi. (Agus an leabhrán seo á fhoilsiú, tá na naisc sin ar fad ag obair.)

Rinneadh sáriarracht liosta cuimsitheach de na háiseanna agus de na foilseacháin chuí atá ar fáil faoi láthair a chur le chéile. É sin ráite, tá baol ann gur fágadh cinn ar lár. Rinneadh sáriarracht freisin aitheantas a thabhairt dóibh siúd a chuir na foilseacháin éagsúla le chéile. Moltar dóibh siúd atá ar an eolas faoi ábhar/áiseanna ar chóir iad a bheith luaite (nó faoi áiseanna a tháinig ar an bhfód ó cuireadh an leabhrán seo le chéile) – nó a bhfeictear dóibh go bhfuil lúb ar lár in áit ar bith – dul i dteagmháil le COGG ag eolas@cogg.ie. *Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine!*

***Anne English - taighdeoir***

# Cód Rangúcháin

| | |
|---|---|
| Éisteacht | É. |
| Feasacht Fóineolaíochta | F.F. |
| Fónaic | Fón. |
| Labhairt | Labh. |
| Léitheoireacht | L. |
| Litriú | Lit. |
| Matamaitic | M. |
| Scríbhneoireacht | Sc. |
| Triail Chaighdeánaithe | T.C. |

**Mar shampla: má theastaíonn ó mhúinteoir áiseanna measúnaithe a aimsiú a bhaineann le feasacht fóineolaíochta, moltar dó/di breathnú ar na háiseanna a bhfuil F.F. luaite leo.**

# Matamaitic

## *DPMT NUA – Triail Mhatamaitice Bunscoile Dhroim Conrach*

**An Foras Taighde ar Oideachas: An Roinn Tástála**

**T.C. M.**



'Is triail chaighdeánaithe é an DPMT Nua – *New Drumcondra Primary Mathematics Test* – ar ghnóthachtáil sa Mhatamaitic do dhaltaí i mbunscoileanna in Éirinn. Tá an t-ábhar bunaithe ar Churaclam Matamaitice na Bunscoile 1999 (ROS/CNCM 1999).'

Rinneadh DPMT Nua a chaighdeánú in 2018. Tá 6 leibhéal de DPMT Nua ar fáil i bhformáid pháipéir: Leibhéil 1 go 6 (Rang 1 go 6). Tá Leibhéil 3 go 6 ar fáil trí ardán ríomhchuidithe an FTO – ERC DOTS (Córas Tástála ar líne Dhroim Conrach).

Tá dhá leagan chomhthreomhara de na tástálacha páipéir ar fáil ag gach leibhéal: Foirm A agus Foirm B. Tá foirm bhreise de na tástálacha ríomhchuidithe ar fáil: Foirm C.

**Tuilleadh eolais ar fáil ag**
**https://www.tests.erc.ie/_files/ugd/af49f6_36c378d4d18f4a5892e0130b289c6dca.pdf**

## *SIGMA-T*

**CJ Fallon**

**T.C. M.**

SIGMA-T

Triail chaighdeánaithe ar ghnóthachtáil sa Mhatamaitic is ea SIGMAT. Tá 5 leibhéal ann agus baineann na leibhéil sin le daltaí i mbunscoileanna in Éirinn ó Rang 1 go Rang 6.


**Tuilleadh eolais ar fáil ag**

**https://www.cjfallon.ie/books/sigma-t/**

## *Gafa le Mata – Tástálacha*

**CJ Fallon**

**M.**




Is tástálacha iad seo atá bunaithe ar an scéim matamaitice *Gafa le Mata*. Tá na tástálacha ar fáil do Rang 1 – Rang 6. Is do na scoileanna ina bhfuil an scéim matamaitice sin in úsáid acu go príomha – agus dóibh siúd amháin – a chuireann CJ Fallon na tástálacha ar fáil faoi láthair. Is tástálacha critéarbhunaithe iad murab ionann le tástálacha caighdeánaithe.

**Tuilleadh eolais ar fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig**


**info@cjfallon.ie**

## *(Trialacha Luathuimhearthachta Dhroim Conrach – Triail Scagtha agus Triail Dhiagnóiseach)*

*le bheith ar fáil in 2026*

*An Foras Taighde ar Oideachas: An Roinn Tástála*

**M.**



Tá leagan Gaeilge de *Drumcondra Tests of Early Numeracy – Screening (DTEN-S) and Diagnostic (DTEN-D)* á fhorbairt ag an bhForas Taighde ar Oideachas faoi láthair. Trialacha scagtha agus diagnóiseacha is ea na trialacha sin agus d'fhéadfaí iad a úsáid le daltaí ag deireadh na Naíonán Sinsir nó ag tús Rang a hAon chun deacrachtaí uimhearthachta a aimsiú. Moltar na trialacha scagtha a úsáid ar dtús agus na trialacha diagnóiseacha a riar ina dhiaidh sin le leanaí a bhfuil scóir ísle gnóthaithe acu sna trialacha scagtha. Táthar ag súil go mbeidh leagan píolótach acu in 2024 agus go mbeidh na trialacha réidh do na scoileanna ó Earrach na bliana 2026 ar aghaidh, i.e., Trialacha Luathuimhearthachta Dhroim Conrach – Triail Scagtha agus Triail Dhiagnóiseach.

**Tuilleadh eolais ar fáil ag:**
**https://www.tests.erc.ie/_files/ugd/af49f6_36c378d4d18f4a5892e0130b289c6dca.pdf**


## Matamaitic *(ar lean)*

### *Curaclam Matamaitice na Bunscoile: Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta*

**An Roinn Oideachais. (2023)**

**(Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta)**

**M.**




### Contanaim Dul Chun Cinn

Agus daltaí ag obair i dtreo na dTorthaí Foghlama agus a n-inniúlacht mhatamaiticiúil á forbairt agus á doimhniú acu, tugann measúnú léargais agus eolas úsáideach dúinn ar dhul chun cinn na ndaltaí. 'Is féidir le múinteoirí nó páistí breathnóireacht a dhéanamh ar an eolas seo, é a léirmhíniú nó é a úsáid, ar bhealach sofhreagrach, chun tacú le cinntí a dhéanamh ar bhonn leanúnach faoi na céimeanna atá le teacht ina dturas foghlama matamaitice' **https://www.curriculumonline.ie/getmedia/44d62070-9132-4ad7-9685-da0f8440ca0a/PrimaryMathematicsCurriculum_GA.pdf** (lch 34).

Agus gnóthachtáil sa Mhatamaitic á meas, d'fhéadfaí leas a bhaint as na Contanaim Dul chun Cinn a bhaineann le Curaclam Matamaitice na Bunscoile – *cé nach 'áiseanna measúnaithe' iad*. Is fiú cuimhneamh ar na moltaí atá ar fáil i gCuraclam na Matamaitice, 1999: 'Saghas amháin trialach critéarthagartha is ea *taifid mháistreachta* nó *seicliostaí*, agus úsáidtear iad chun máistreacht i ngnéithe áirithe den churaclam a mheas ar bhealach struchtúrtha. Is féidir an saghas seo measúnaithe a bhunú ar thrialacha deartha ag an múinteoir, nó bíonn siad ar fáil mar chuid de théacsleabhair nó scéim matamaitice. Ní hionann agus trialacha atá níos foirmiúla, ní riartar na trialacha seo ar bhealach beacht caighdeánaithe, agus ní féidir scóir na ndaltaí a léirmhíniú i gcomparáid le noirm aoise nó ranga. Mar sin féin, tá siad an-úsáideach chun eolas diagnóiseach a sholáthar ar dhul chun cinn an pháiste' (lch 122). Agus máistreacht i ngnéithe áirithe den churaclam á meas, mar sin, d'fhéadfaí leas a bhaint as na Contanaim Dul chun Cinn.

**Ar fáil ag:**
**https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/primary/curriculum-areas/mathematics/toolkit/**

### Tacar Uirlisí Matamaitice na Bunscoile: Ábhair Thacaíochta: Measúnú i dtreo Torthaí sa Mhatamaitic Bhunscoile

'Cuireann an cháipéis seo leis na Treoirlínte Measúnaithe (CNCM, 2007).' Moltar inti gur cheart 'uirlisí agus straitéisí measúnaithe a úsáid thar gach snáithe ar bhealach bríoch chun ullmhúchán a dhéanamh i dtreo na foghlama, chun tacú léi agus lena síneadh'.

Mínítear inti conas

- dialanna mata
- mapaí coincheapa *agus*
- rúibricí

a chur le chéile agus a úsáid.

Tá sampla de rúibric fadhbréitigh (uirlis féinmheasúnaithe) ar cheann de na háiseanna a léirítear inti.

**Ar fáil ag:**
**https://www.curriculumonline.ie/getmedia/453bd5fd-14a9-467e-b98a-8e82ec8d374c/PMC_AT_Measunu-i-dtreo-Torthai-sa-Mhatamaitic-Bhunscoile_PMC-(1).pdf**

## Matamaitic *(ar lean)*

M.

### *Mata le Chéile*

**le Florence Gavin**

**An Gúm**

(Ba iad Mulberry Publications a chéadfhoilsigh an clár seo in 1999; cuireadh an dara heagrán ar fáil in 2004. Is in 2005 a cuireadh an leagan Gaeilge ar fáil (Foras na Gaeilge)).

'Clár iomlán Mata don churaclam bunscoile atá sa tsraith MATA LE CHÉILE agus tá stór cuimsitheach gníomhaíochtaí sna bileoga oibre agus sna cártaí teanga a bhaineann léi.' (https://www.forasnagaeilge.ie/angum/mata-le-cheile-leabhair-an-oide/?lang=en)


Is iad na leabhair oide a bhaineann le rang 1 go rang 6 a luaitear thíos; tabhair faoi deara go bhfuil leabhar oide ann do na ranganna naíonán freisin.

### Mata le Chéile: Rang 1 & 2

Tá sraith trialacha ag cúl an leabhair a d'fhéadfadh múinteoirí a úsáid agus iad ag tabhairt faoin measúnú.

**Ar fáil ag:**

https://www.forasnagaeilge.ie/angum/mata-le-cheile-leabhair-an-oide/?lang=en




### Mata le Chéile: Rang 3

Tá sraith trialacha ag cúl an leabhair a d'fhéadfadh múinteoirí a úsáid agus iad ag tabhairt faoin measúnú.

**Ar fáil ag:**

https://www.forasnagaeilge.ie/angum/mata-le-cheile-leabhair-an-oide/?lang=en




### Mata le Chéile: Rang 4

Tá sraith trialacha ag cúl an leabhair a d'fhéadfadh múinteoirí a úsáid agus iad ag tabhairt faoin measúnú.

**Ar fáil ag:**
https://www.forasnagaeilge.ie/angum/mata-le-cheile-leabhair-an-oide/?lang=en




### Mata le Chéile: Rang 5

Tá sraith trialacha ag cúl an leabhair a d'fhéadfadh múinteoirí a úsáid agus iad ag tabhairt faoin measúnú.

**Ar fáil ag:**
https://www.forasnagaeilge.ie/angum/mata-le-cheile-leabhair-an-oide/?lang=en




### Mata le Chéile: Rang 6

Tá sraith trialacha ag cúl an leabhair a d'fhéadfadh múinteoirí a úsáid agus iad ag tabhairt faoin measúnú.

**Ar fáil ag:**
https://www.forasnagaeilge.ie/angum/mata-le-cheile-leabhair-an-oide/?lang=en



| Matamaitic *(ar lean)* | |
|---|---|
| ***Réidh, Socair, Déan – Mata***<br>**le Eunice Pitt**<br>**(Arna aistriú ag CCEA (Council for the Curriculum, Examinations and Assessment) in 2011)** | **M.** |
| Seo lámhleabhar praiticiúil do mhúinteoirí a d'fhorbair *The Northern Ireland Steering Group for Numeracy* (Grúpa Stiúrtha Uimhearthachta Thuaisceart Éireann) faoi stiúir Eunice Pitt. D'aistrigh CCEA (*Council for the Curriculum, Examinations and Assessment)* é in 2011.<br>Is éard atá ann ná 'treoir do mhúinteoirí le cuidiú le páistí, ar eispéireas deacair dóibh an Mhatamaitic, tús maith a bheith acu i luath-uimhreas' (lch 1).<br>'Is féidir na gníomhaíochtaí a gcuirtear síos orthu sa lámhleabhar seo a úsáid le riar ar riachtanais páistí atá ag tosú ar choincheapa tábhachtacha i luath-uimhreas a thuiscint, beag beann ar a n-aois' (lch 6). Tá leathanaigh thaifid atá bunaithe ar 3 sprioc shuntasacha a bhaineann leis an gclár seo ar fáil ar leathanaigh 163-165. Cé go bhfuil na leathanaigh thaifid sin bunaithe go sonrach ar an gclár, d'fhéadfaí leas a bhaint astu agus measúnú á dhéanamh ar scileanna luathuimhearthachta páistí ar bith. Ach b'fhiú réamhrá an leabhair a léamh ar dtús chun léargas a fháil ar na heochairspriocanna foghlama atá i gceist agus ar an bpróiseas foghlama a bhaineann leis an gcur chuige a mholtar ann.<br>Is fiú cuimhneamh gur le hUimhreas amháin a bhaineann an lámhleabhar seo.<br>**Tuilleadh eolais ar fáil ag:**<br>**https://ccea.org.uk/learning-resources/reidh-socair-dean-mata**<br><br>**Mar eolas, tá an leabhar ar díol ag Book Haven faoi láthair:**<br>**https://www.bookhaven.ie/shop/reidh-socair-dean-mata.html#attr=46730** | <br> |



# An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne

## *Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge (TGD-G)*

**An Foras Taighde ar Oideachas: An Roinn Tástála**

T.C. Lit. L. É.

Triail chaighdeánach ar ghnóthachtáil sa Ghaeilge; 4 leibhéal ó ranganna na naíonán sinsearach go R6 – léitheoireacht agus éisteacht, agus, i gcás Leibhéal 4, litriú chomh maith. Ní bhaineann na noirm ach le daltaí i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lánGhaeilge.




Tá dhá fhoirm (Foirm A agus Foirm B) ar fáil ag gach leibhéal; is féidir na trialacha a riar ag tús na bliana nó ag deireadh na bliana toisc go bhfuil noirm ann don dá thréimhse sin.

**Ar fáil ag:**
**https://www.tests.erc.ie/gaeilge-gaeltachta**

## *Próifílí Measúnachta don Ghaeilge sna Scoileanna Gaeltachta agus Scoileanna Lán-Ghaeilge: Lámhleabhar*

**le Gearóid Ó Siaghail & Cristín Déiseach**

**An Foras Taighde ar Oideachas. (2004)**

Sc. L. É. Labh.

Is éard atá sna próifílí seo ná liostaí de chomharthaí cumais a léiríonn céimeanna soiléire ar chontanam forbartha an dalta ag gach leibhéal ranga. Meastar go mbeadh na próifílí úsáideach don mheasúnú leanúnach foirmitheach i rith na scoilbhliana agus don mheasúnú suimitheach ag deireadh na bliana. Tugtar seiteanna comharthaí cumais don éisteacht/ labhairt, don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht ag gach leibhéal ranga. Anuas air sin, tá bileog ar fáil sa lámhleabhar ina bhfuil scála do mheasúnú labhairt na Gaeilge de réir bhreithiúnas an mhúinteora.




- Comharthaí Cumais don Éisteacht/Labhairt – Caibidil 4, lgh 13-21
- Comharthaí Cumais don Réamhléitheoireacht/Léitheoireacht – Caibidil 5, lgh 22-30
- Comharthaí Cumais don Réamhléitheoireacht/Scríbhneoireacht – Caibidil 6, lgh 31-39
- Foirm Ranga don Chuntas Reatha – Measúnú i rith na Scoilbhliana (Féach: Caibidil 3, 'Úsáid na bPróifílí i rith na Scoilbhliana') – Aguisín A, lgh 61-63
- Foirm Ranga do Ghrádú Próifíle – Deireadh na Scoilbhliana (Féach: Caibidil 3, 'Úsáid na bPróifílí ag deireadh na Scoilbhliana') – Aguisín B, lgh 64-66
- Scálaí do Mheasúnú Labhairt na Gaeilge agus Foirm Ranga – Aguisín C, lgh 67-68

**Ar fáil ag:**
**https://www.erc.ie/documents/lamhleabhar.pdf**

## An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne *(ar lean)*

### *Cur Chuige Cothromaithe i leith na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile: Treoir SNSO (NEPS) don Dea-Chleachtas*

**An Roinn Oideachais; An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.**

**An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta**

**(Eagrán uasdátaithe 2024)**




'Eiseamláir de chlár le haghaidh luath-idirghabhála agus coisc ar dheacrachtaí litearthachta is ea *An Cur Chuige Cothromaithe i leith na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile*' (lch 6).

- Moltaí maidir le measúnú ar scileanna léamhthuisceana – lgh 63-64
- Rúibric shamplach chun tuiscint ar léitheoireacht a mheas – lgh 65-66
- Moltaí maidir le hamharcfhocail – lgh 52-53; is féidir na hamharcfhocail a sheiceáil ó liostaí atá ar fáil ag https://www.maradearfa.ie/scoileanna/mumhan-scoileanna/ceim-1-mumhan/na-focail-chiotrunta (*Mar a Déarfá* – tá tuilleadh eolais faoin áis sin ar fáil níos faide anonn sa cháipéis seo) agus ag https://ccea.org.uk/learning-resources/feasta-focal  (*Féasta Focal* – tá tuilleadh eolais faoin áis sin ar fáil níos faide anonn sa cháipéis seo.)
- Tá 'seicliosta samplach a chabhróidh le múinteoirí dul chun cinn na bpáistí sa luathlitearthacht a athbhreithniú / a mheas' ar lgh 92-105. 'Tá Torthaí Foghlama ó Churaclam Teanga na Bunscoile luaite i gcló gorm sa cholún ar chlé' (lch 90)
- Moltaí maidir le breathnóireacht – lch 106.
- Sampla de Rúibric don Chumas Scríofa i Rang a hAon – lch 107
- Moltaí maidir le Taifead Reatha – lgh 107-108
- Moltaí maidir le Pórtfóilió Oibre – lch 108
- Moltaí maidir le Trialacha Critéarthagartha – lgh 108-109
- Moltaí maidir leis an Measúnú Diagnóiseach – lch 109
- Moltaí maidir leis an Measúnú ar an bhFoghlaim – lch 110
- Moltaí maidir le Trialacha Caighdeánaithe, lena n-áirítear sainmhíniú ar na téarmaí a úsáidtear i dtrialacha foirmiúla – lgh 110-112


**Ar fáil ag:**
**https://assets.gov.ie/40640/e61aa5badf2f4d8bacf6bbf65c7cd4ac.pdf**

## An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne *(ar lean)*

### *Curaclam Teanga na Bunscoile – Scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge*

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. (2019)**

**Sc. L. É. Labh.**




Is féidir leas a bhaint as na mionchéimeanna dul chun cinn a bhaineann leis an gCuraclam Teanga agus measúnú á dhéanamh ar

- An Teanga ó Bhéal
- An Léitheoireacht
- An Scríbhneoireacht.

*Glactar leis, ar ndóigh, nach áiseanna measúnaithe go sonrach iad na mionchéimeanna sin.* É sin ráite, agus tagairt á déanamh do scileanna léitheoireachta reatha an pháiste, moltar sa lámhleabhar *Cur Chuige Cothromaithe i leith na Litearthachta i mBunranganna na Bunscoile: Treoir SNSO (NEPS) don Dea-Chleachtas* '(gur) cheart Curaclam Teanga na Bunscoile a úsáid mar thúsphointe i measúnú den sórt seo agus sa chuid ar theanga ó bhéal. Is mór an chabhair iad na mórchéimeanna agus na mionchéimeanna dul chun cinn' (lch 59).

**Ar fáil ag:**
https://www.curriculumonline.ie/getmedia/fc8c86b9-9c77-46a7-a7d8-a7b9abfb2013/PLC-Document_Irish.pdf




Tá ábhar tacaíochta a bhaineann leis an gCuraclam Teanga ar fáil ar shuíomh idirlín CNCM, lena n-áirítear bileog eolais faoi na Cosáin Tacaíochta Breise. 'Forbraíodh na Cosáin Tacaíochta Breise chun rochtain, deis agus dúshlán a chur ar fáil do pháistí a bhfuil míchumas foghlama acu sa raon meánach íseal go dtí dian agus trom. Dearadh na Cosáin lena n-úsáid ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile don chohórt foghlaimeoirí seo' (lch 70). 'Is é an chéad chéim dá múinteoirí ná a mbuanna agus a réimsí/spriocanna foghlama tosaíochta a aimsiú d'fhonn a n-aistear foghlama a phleanáil.' D'fhéadfadh an tábla ar leathanach 72 a bheith ina chabhair agus cinntí á ndéanamh maidir le spriocanna foghlama tosaíochta an pháiste.

**Ar fáil ag:**
https://www.curriculumonline.ie/getmedia/827217f9-40da-4f3f-8f0c-7aa35393bb24/Cosain-Tacaiochta-Breise.pdf

### *Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht: Treoir do Theagasc na Litearthachta*

**le Marie M. Clay / Gabrielle Nig Uidhir**

**Heinemann Carroll / COGG**

**An dara heagrán (2018)**

**Sc. L. F.F.**




Ar fáil do mhúinteoirí a bhfuil oiliúint ar leith faighte acu.

**Tuilleadh eolas ar fáil ag:**
https://readingrecovery.org/wp-content/uploads/2016/12/JRR_7.1-Uidhir.pdf

*nó*

**seol ríomhphost chuig** eolas@cogg.ie

## An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne *(ar lean)*

### *An Clár Luathléitheoireachta (CLEITE)*

L.




'Is toradh ar chomhfhiontar an acmhainn seo idir sholáthraí acmhainní don earnáil Ghaelscolaíochta thuaidh agus theas, mar atá: an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA), Béal Feirste; an tÁisaonad, lonnaithe i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste; agus an Chomhairle um Oideachas Gaelscolaíochta agus Gaeltachta (COGG). Is acmhainn ar leith í a thacaíonn leis an Chlár Luathléitheoireachta a d'fhorbair an tÁisaonad agus atá anois á soláthar ag CCEA mar chuid dá chlár tacaíochta féin don earnáil ó thuaidh. Tá an acmhainn á soláthar ag COGG don earnáil ó dheas'

**https://ccea.org.uk/downloads/docs/ccea-asset-im/Resource/An%20Clár%20 Luathléitheoireachta%3A%20Intreoir%20Banda%201%20.pdf.**

### Gníomhaíochtaí Tacaíochta – Banda 1




- Scileanna luathléitheoireachta an pháiste – seicliosta (don mhúinteoir) atá bunaithe ar scileanna atá ag teacht leis na spriocanna a bhaineann le Banda 1 – lch 30.
- Seicliostaí bunaithe ar spriocfhocail – lgh 31-33: úsáidtear 'córas na soilse tráchta' le taifead a choinneáil ar na scileanna atá daingnithe ag an bpáiste / a bhfuil dul chun cinn déanta ag an bpáiste orthu / a bhfuil an páiste ag streachailt leo.

Cé go mbaineann na seicliostaí sin go sonrach le Banda 1 den Chlár Léitheoireachta, d'fhéadfaí leas a bhaint astu le daltaí nach bhfuil na leabhair sin á léamh acu.

**Ar fáil ag:**
**https://ccea.org.uk/downloads/docs/ccea-asset-im/Resource/An%20Clár%20 Luathléitheoireachta%3A%20Intreoir%20Banda%201%20.pdf**

### Gníomhaíochtaí Tacaíochta – Banda 2




Scileanna luathléitheoireachta – seicliostaí don mhúinteoir.

- Seicliostaí bunaithe ar spriocfhocail, lgh 39-42.
- Scileanna léitheoireachta an pháiste – lch 43. Taifead measúnaithe, i.e., seicliosta don mhúinteoir. Leathanach measúnaithe ar scileanna léitheoireachta an pháiste atá ag teacht leis na spriocanna a bhaineann le Banda 2. Úsáidtear 'córas na soilse tráchta' le taifead a choinneáil ar na scileanna atá daingnithe ag an bpáiste / a bhfuil dul chun cinn déanta ag an bpáiste orthu / a bhfuil an páiste ag streachailt leo.

Cé go mbaineann na seicliostaí sin go sonrach le Banda 2 den Chlár Léitheoireachta, d'fhéadfaí leas a bhaint astu le daltaí nach bhfuil na leabhair sin á léamh acu.

**Ar fáil ag:**
**https://ccea.org.uk/downloads/docs/ccea-asset-im/Resource/An%20Clár%20 Luathléitheoireachta%3A%20Intreoir%20Banda%202%20.pdf**

## An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne *(ar lean)*

### Gníomhaíochtaí Tacaíochta – Banda 3




Is acmhainn ar leith í seo a thacaíonn leis an gClár Luathléitheoireachta, CLEITE. Tá na gníomhaíochtaí tacaíochta seo á soláthar ag CCEA mar chuid dá chlár tacaíochta féin don earnáil ó thuaidh.

- Measúnú Bhanda 2: Treoir maidir le conas anailís a dhéanamh ar earráidí léitheoireachta an pháiste agus conas leibhéal cruinnis an pháiste a aimsiú – lgh 28-30. Taifead reatha samplach bunaithe ar Bhanda 2 den chlár léitheoireachta seo – lgh 30-32.
- Measúnú Bhanda 2: Taifead agus Scór na Léitheoireachta. Cé go bhfuil na taifid seo bunaithe go sonrach ar Bhanda 2 den chlár, CLEITE, d'fhéadfaí gnéithe díobh a chur in oiriúint do chlár ar bith, m.sh.: seicliostaí bunaithe ar ghnásaíochtaí léitheoireachta – lch 33, lch 38 agus lch 43.
- Measúnú Bhanda 3: Seicliosta bunaithe ar scileanna léitheoireachta an pháiste – lch 46.
- Measúnú Bhanda 3: Taifead agus Scór na Léitheoireachta: Treoir maidir le conas anailís a dhéanamh ar earráidí léitheoireachta an pháiste agus conas leibhéal cruinnis an pháiste a aimsiú; agus taifid léitheoireachta bunaithe ar Bhanda 3 – lgh 47-65. Cé go bhfuil na taifid sin bunaithe go sonrach ar Bhanda 3 den chlár, CLEITE, d'fhéadfaí gnéithe díobh a chur in oiriúint do chlár ar bith, m.sh.: an treoir a bhaineann le conas taifead léitheoireachta a dhéanamh – lgh 47-49; seicliosta bunaithe ar ghnásaíochtaí léitheoireachta – lch 53, lch 59 agus lch 64.

**Ar fáil ag:**
**https://ccea.org.uk/downloads/docs/ccea-asset-im/Resource/An%20Clár%20Luathléitheoireachta%3A%20Intreoir%20Banda%203%20_1.pdf**

### Gníomhaíochtaí Tacaíochta – Banda 4




- Measúnú Gasta Bhanda 4 – lch 10; seicliosta bunaithe ar scileanna léitheoireachta an pháiste.
- Taifead agus Scór na Léitheoireachta (Banda 4) lgh 11-36. Treoir maidir le conas anailís a dhéanamh ar earráidí léitheoireachta an pháiste agus conas leibhéal cruinnis an pháiste a aimsiú; agus taifid léitheoireachta bunaithe ar Bhanda 4. Cé go bhfuil na taifid sin bunaithe go sonrach ar Bhanda 4 den chlár, CLEITE, d'fhéadfaí gnéithe díobh a chur in oiriúint do chlár ar bith, m.sh.: an treoir a bhaineann le conas taifead léitheoireachta a dhéanamh, lgh 11-13; seicliosta bunaithe ar ghnásaíochtaí léitheoireachta, lch 20, lch 28 agus lch 35.

**Ar fáil ag:**
**https://ccea.org.uk/downloads/docs/ccea-asset-im/Resource/An%20Clár%20Luathléitheoireachta%3A%20Intreoir%20Banda%204.pdf**

## *An Próiseas Léitheoireachta*

### An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí. (2013)

L.




Tá treoir maidir le contanam measúnaithe na léitheoireachta ar fáil ar leathanaigh 23-31 den leabhar 'An Próiseas Léitheoireachta' a chuir an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí le chéile.

Tá roinnt áiseanna féinmheasúnaithe sa leabhar seo freisin, lena n-áirítear:

- Dhá Réalt agus Rún – lch 27
- Ceistneoir maidir le dearcadh léitheoireachta – lch 29
- Suirbhé léitheoireachta do dhaltaí bunscoile – lch 29

**Tá an leabhar ina iomláine ar fáil ag:**
**https://pdst.ie/sites/default/files/Leabhrán%20Léitheoireachta%20Gaeilge%20MNaR.pdf**

## An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne *(ar lean)*

### *Taifead reatha léitheoireachta*

**(treoir agus moltaí ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta)**

L.

Tá treoir agus moltaí i dtaobh conas taifead reatha a dhéanamh curtha le chéile ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

**Ar fáil ag:**
**https://curriculumonline.ie/getmedia/618676f0-848f-4827-83d3-e479b294b298/Taifead-Reatha-Leitheoireachta.pdf**

primary developments
fóráis sa bhunscolaíocht

### *Féasta Focal*

**Council for the Curriculum, Examinations and Assessment. (2010)**

L.

Seo clár ina ndírítear ar an gcéad 200 focal ardmhinicíochta sa Ghaeilge ag leibhéal na bunscolaíochta.

Tá seicliostaí bunaithe ar na focail ardmhinicíochta sin atá ar fáil ar lgh 205-214 – 'Féasta Focal – Gníomhaíochtaí Tacaíochta'

**Ar fáil ag:**
**https://ccea.org.uk/downloads/docs/ccea-asset-im/Assessment/Féasta%20Focal%20Gníomhaíochtaí%20Tacaíochta.pdf**




### *Mar a Déarfá! Measúnú ar Chéim 1*

**Breacadh. (2021)**

L. F.F. Fón. Lit.

Is clár céimnithe fónaice/litearthachta é 'Mar a Déarfá' chun líofacht léitheoireachta agus cruinneas scríofa agus litrithe a mhúineadh don chainteoir dúchais Gaeilge.

Níl anseo thíos ach achoimre ar a bhfuil ar fáil sa leabhrán measúnaithe. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag https://www.maradearfa.ie. Is éard atá sa leabhrán sin, go bunúsach, ná 'uirlis le measúnú cuimsitheach a dhéanamh ar chroí-scileanna riachtanacha na luathlitearthachta' (lch 16, https://edition.pagesuite-professional.co.uk/html5/reader/production/default.aspx?pubname=&edid=ec8e93a0-9bf8-4e1b-a293-667a9efebdb0 )

- Cur le chéile, baint ó chéile agus babhtáil fuaimeanna i bhfocail (ó chluas).
- An aibítir – na litreacha a rá, a ainmniú agus a scríobh (litreacha beaga agus ceannlitreacha araon).
- Gutaí leathana / gutaí caola a ainmniú.
- Cur le chéile fuaimeanna i bhfocal – CGC; CCGC; CGCC (C = consan; G = guta).
- Baint ó chéile fuaimeanna i bhfocail – is ó bhéal a dhéantar an tasc seo – CGC, CGCC.
- Babhtáil fuaimeanna i bhfocail – is ó bhéal a dhéantar an tasc seo – mar shampla, 'clós' gan an 's'.
- Focail ardmhinicíochta a aithint agus/nó a scríobh (léitheoireacht & litriú)
- Measúnú ar fhuaimeanna, idir fhuaimeanna atá bunaithe ar aon litir amháin agus fhuaimeanna a ndéanann dhá litir nó trí litir iad.
- Measúnú ar na fuaimeanna i bhfocail gan chiall.

**Is féidir an leabhar measúnaithe a íoslódáil ag:**
**https://www.maradearfa.ie/scoileanna/connacht-scoileanna/ceim-1/measunu**



## An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne *(ar lean)*

### *Cód na Gaeilge*

**a d'fhorbair an Dr Jacqueline de Brún i gcomhair le CCEA (Council for Curriculum, Examinations and Assessment)**

*(Tabhair faoi deara go bhfuil dhá leagan ar shuíomh CCEA – leabhrán an dalta agus leabhrán an mhúinteora.)*

**Fón. F.F.**

Tá Cód na Gaeilge bunaithe ar Fhónaic na Gaeilge (de Brún & Mac Corraidh, 2009). Is féidir Cód na Gaeilge a úsáid mar chlár litrithe seachtainiúil a dhíríonn ar chód scríofa na Gaeilge. Tá leathanaigh thaifid ag gabháil leis an gclár fónaice seo agus is féidir úsáid a bhaint astu mar uirlisí measúnaithe. Seo thíos achoimre ar *roinnt de na príomhghnéithe* den fhoghlaim ar a ndírítear sna leathanaigh thaifid sin:

- Gutaí fada / gutaí gearra: Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 25, Céim 1, Rang 3: Ag Fiosrú Focal – Focail Bheaga.
- Gutaí fada / gutaí gearra: Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 16, Céim 2, Rang 3: Ag Fiosrú Focal – Focail níos Faide.
- Siollaí a chloisteáil i bhfocal agus iad a chomhaireamh: Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 23, Céim 3, Rang 3: Ag Fiosrú Focal – Focail Ilsiollacha.
- Litreacha dúbailte mar aon leis na péirí seo a leanas... **mh, ch, bh, th, gh, ph, ng, fh, bhf, gc, mb, bp, nd, dt**: Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 40, Céim 4, Rang 3: Ag Fiosrú Focal – Seasann níos mó ná litir amháin d'fhuaim amháin.
- Gutaí caola / gutaí leathana: Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 23, Céim 5, Rang 3: Ag Fiosrú Focal – Déanann an litir seo dhá fhuaim.
- Gutaí caola / gutaí leathana: Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 27, Céim 5, Rang 3: Ag Fiosrú Focal – Déanann an litir seo dhá fhuaim.
- Focail CGC (focail ina seasann gach litir d'aon fhuaim amháin); focail CCGC & CGCC (focail aonsiollacha ina seasann litir amháin d'aon fhuaim amháin; agus focail ilsiollacha ina seasann litir amháin d'aon fhuaim amháin. Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 27, Céim 1,2 & 3, Rang 4: Ag Fiosrú Focal – Focail Bheaga, Focail níos Faide, Focail Ilsiollacha.
- Dhá chonsan ag seasamh d'aon fhuaim amháin**: nn, ll, rr, mh, ch, bh, th, gh, ph, fh, bhf, gc, mb, bp, nd, dt...**Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 27, Céim 4, Rang 4: Ag Fiosrú Focal – Seasann níos mó ná litir amháin d'fhuaim amháin.
- Graiféimí a léiríonn níos mó ná fuaim amháin, m.sh., **s**a/**s**í, **t**á/**t**ír, **d**án/**d**éan...**bh, mh, dh, gh, ó, n, ch, a, ea**... Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 22, Céim 5, Rang 4: Ag Fiosrú Focal – Déanann an litir seo dhá fhuaim.
- Na gutaí fada – féidearthachtaí éagsúla: **ú, u, adh, iú, amh, úi; ó, aibh, a, ea, o; ó, o, ói, eo; á, eá, ea, éa, ai, ái; é, éi, éa, ae, ei, ao; ia, iai; ua, uai.** Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 51, Céim 6a, Rang 4: Ag Fiosrú Focal – Na Gutaí Fada.
- Na gutaí gairide – féidearthachtaí éagsúla: **i, ui, oi, io, ai; u, iu, a; o, eo, io, eoi; a, ea, ai, fha, eai; e, ei, a; an guta cúnta...**Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 34, Céim 6b, Rang 4: Ag Fiosrú Focal – Na Gutaí Gairide.
- Na consain – féidearthachtaí éagsúla: **b, bp, b'fh; d, dt, d', d'fh; d, dt, d', j; f, ph; g, gc, d; h, th, ch, sh; m, mb, m', m'fh; n, nn, nd**... Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 57, Céim 6c, Rang 4: Ag Fiosrú Focal – Na Consain.
- Focail bheaga; focail níos faide; focail ilsiollacha; dhá litir, fuaim amháin; litir a dhéanann dhá fhuaim: Leathanach Taifid an Mhúinteora – lgh 40-41, Céim 1, 2, 3, 4, 5, Rang 5: Ag Fiosrú Focal.
- Na gutaí fada – **í, ío, aí, uí, i, aoi, io, aigh; ú, u, adh, iú, amh, úi, omh, odh; ó, aibh, a, ea, o, omh; ó, o, ói, eo; á, eá, ea, éa, ai, ái, áth; é, éi, éa, ae, ei, ao, agh, aghaidh; ia, iai; ua, uai**... Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 51, Céim 6a, Rang 5: Ag Fiosrú Focal.
- Na gutaí gairide – **i, ui, oi, io, ai; u, iu, a; o, eo, io, eoi, oi; a, ea, ai, fha, eai; e, ei, a; an guta cúnta**... Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 34, Céim 6b, Rang 5: Ag Fiosrú Focal.
- Na consain – **b, bp, b'fh; d, dt, d', d'fh; d, dt, d', j; f, ph; g, gc, d; h, th, ch, sh; m, mb, m', m'fh; n, nn, nd** ... Leathanach Taifid an Mhúinteora – lch 51, Céim 6c, Rang 5: Ag Fiosrú Focal.

**Ar fáil ag:**
**https://ccea.org.uk/learning-resources/cod-na-gaeilge/cod-na-gaeilge-rang-2**

## An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne *(ar lean)*

| ***Séideán Sí***<br>**An Gúm** | **L. Sc.** |
|---|---|
| **Séideán Sí – Leabhar an Oide: E – Cuid 2**<br>• ‘Féinmheasúnú ar mo chuid léitheoireachta go ginearálta’.<br>Teimpléad bunúsach ina ndírítear ar dhearcadh an dalta i leith na léitheoireachta.<br>• ‘Féinmheasúnú ar mo chuid léitheoireachta’.<br>Teimpléad bunúsach ina ndírítear ar an léamhthuiscint.<br>Tá na teimpléid thuasluaite ar fáil ag tús leabhar an oide. (Níl uimhreacha ar na leathanaigh.) Cé go mbaineann siad go sonrach le rang a trí, d’fhéadfaí leas a bhaint astu le ranganna níos airde ná sin freisin.<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://seideansi.ie/rang-a-tri-se.php**<br>(Is gá scrolláil síos chuig an nasc ‘Áiseanna Breise Ranga’ agus cliceáil ar Rang a Trí.) | Séideán Sí |
| **Séideán Sí – Leabhar an Oide: F**<br>• ‘Ceistneoir faoin léitheoireacht’.<br>Teimpléad bunúsach féinmheasúnaithe ina ndírítear ar dhearcadh an dalta i leith na léitheoireachta.<br>Tá an teimpléad thuasluaite ar fáil ag cúl leabhar an oide. (Níl uimhreacha ar na leathanaigh.) Cé go mbaineann an teimpléad sin le rang a ceathair, d’fhéadfaí leas a bhaint as le ranganna níos airde ná sin.<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://seideansi.ie/rang-a-tri-se.php**<br>(Is gá scrolláil síos chuig an nasc ‘Áiseanna Breise Ranga’ agus cliceáil ar Rang a Ceathair.) | Séideán Sí |
| **Séideán Sí – Leabhar an Oide: G – Cuid 1**<br>• ‘Féinmheasúnú ar chruinneas sa scríbhneoireacht’.<br>Teimpléad bunúsach féinmheasúnaithe ina ndírítear ar scríbhneoireacht de chuid an dalta.<br>Tá an teimpléad thuasluaite ar fáil ag cúl leabhar an oide. (Níl uimhreacha ar na leathanaigh.) Cé go mbaineann an teimpléad sin le rang a cúig, d’fhéadfaí leas a bhaint as le rang a ceathair nó le rang a sé.<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://seideansi.ie/rang-a-tri-se.php**<br>(Is gá scrolláil síos chuig an nasc ‘Áiseanna Breise Ranga’ agus cliceáil ar Rang a Cúig.) | Séideán Sí |

## An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne *(ar lean)*

### Séideán Sí – Leabhar an Oide: H – Cuid 1

Séideán Sí

- ‘Ceistneoir faoin léitheoireacht phearsanta’.
  Teimpléad bunúsach féinmheasúnaithe ina ndírítear ar dhearcadh an dalta i leith na léitheoireachta.
- ‘Féinmheasúnú ar chruinneas sa scríbhneoireacht’.
  Teimpléad bunúsach féinmheasúnaithe ina ndírítear ar scríbhneoireacht de chuid an dalta. Béim ar an gcruinneas anseo, m.sh., litriú na bhfocal.
- ‘Féinmheasúnú ar stór focal’.
  Teimpléad bunúsach féinmheasúnaithe ina ndírítear ar scríbhneoireacht de chuid an dalta. Béim ar an gcruthaitheacht anseo, m.sh., éagsúlacht aidiachtaí.
- ‘Measúnú ar théacs cruthaitheach’.
  Teimpléad bunúsach féinmheasúnaithe ina ndírítear ar scríbhneoireacht de chuid an dalta. Béim ar an struchtúr, den chuid is mó.

Tá na teimpléid thuasluaite ar fáil i dtreo dheireadh leabhar an oide. (Níl uimhreacha ar na leathanaigh.) Cé go mbaineann siad le rang a sé, d’fhéadfaí leas a bhaint astu le rang a ceathair nó le rang a cúig freisin.

**Ar fáil ag:**
**https://seideansi.ie/rang-a-tri-se.php**

(Is gá scrolláil síos chuig an nasc ‘Áiseanna Breise Ranga’ agus cliceáil ar Rang a Sé.)

### *Fuaimeanna Fónaicí*

F.F. Fón.

### a d’fhorbair an Dr Jacqueline de Brún i gcomhair le CCEA: Curaclam Thuaisceart Éireann

Is idirghabháil é *Fuaimeanna Fónaicí* do dhalta/í ag deireadh na bunscoile / tús na hiar-bhunscoile; 8 leabhrán atá ann san iomlán.

### Fuaimeanna Fónaicí 2: Focail Bheaga – Litir amháin / Fuaim amháin

Clár fónaice ina ndírítear ar fhuaimeanna a aithint, a dheighilt agus a chumasc.

Tá teimpléad le haghaidh taifead reatha ar scileanna a bhaineann le feasacht fóineolaíochta ar fáil ar leathanach 37 den leabhar seo. Tasc ó bhéal atá ann ina ndírítear ar fhóinéimí a chumasc, fóinéimí a dheighilt agus fóinéimí a scriosadh.

Cé nach gcuirtear scór caighdeánach ar fáil, d’fhéadfaí leas a bhaint as an áis seo chun léargas a fháil ar scileanna an pháiste i dtaca le feasacht fóineolaíochta.

**Ar fáil ag:**
**https://ccea.org.uk/downloads/docs/ccea-asset-im/Resource/Fuaimeanna%20Fónaicí%2C%20Focail%20Bheaga%20Litir%20amháinFuaim%20amháin.pdf**




### Fuaimeanna Fónaicí 3: Focail Ilsiollacha – Litir amháin / Fuaim amháin

Clár fónaice ina ndírítear ar fhuaimeanna a aithint, a dheighilt agus a chumasc.

Tá teimpléad le haghaidh taifead reatha ar scileanna a bhaineann le feasacht fóineolaíochta ar fáil ar leathanach 32 den leabhar seo. Tasc ó bhéal atá ann ina ndírítear ar líon na siollaí i bhfocail a aimsiú.

Cé nach gcuirtear scór caighdeánach ar fáil, d’fhéadfaí leas a bhaint as an áis seo chun léargas a fháil ar scileanna an pháiste i dtaca le feasacht fóineolaíochta.

**Ar fáil ag:**
**https://ccea.org.uk/downloads/docs/ccea-asset-im/Resource/Fuaimeanna%20Fónaicí%2C%20Focail%20Ilsiollacha%20Litir%20amháinFuaim%20amháin.pdf**



| An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne *(ar lean)* | |
|---|---|
| ***Trialacha Luathlitearthachta Dhroim Conrach – Triail Scagtha agus Triail Dhiagnóiseach***<br>**le bheith ar fáil in 2026**<br>**An Foras Taighde ar Oideachas: An Roinn Tástála** | |
| Tá leagan Gaeilge de *Drumcondra Tests of Early Literacy – Screening (DTEL-S) and Diagnostic (DTEL-D)* á fhorbairt ag an bhForas Taighde ar Oideachas faoi láthair. Trialacha scagtha agus diagnóiseacha is ea na trialacha sin agus d'fhéadfaí iad a úsáid le daltaí ag deireadh na Naíonán Sinsearach nó ag tús Rang a hAon chun deacrachtaí litearthachta a aimsiú. Moltar na trialacha scagtha a úsáid ar dtús agus na trialacha diagnóiseacha a riar ina dhiaidh sin le leanaí a bhfuil scóir ísle gnóthaithe acu sna trialacha scagtha. Táthar ag súil go mbeidh leagan píolótach acu in 2024 agus go mbeidh na trialacha réidh do na scoileanna ó earrach na bliana 2026 ar aghaidh, i.e. Trialacha Luathlitearthachta Dhroim Conrach – Triail Scagtha agus Triail Dhiagnóiseach. |  |
| ***Turas na Scríbhneoireachta***<br>**Acmhainn Teagaisc ó CCEA** | **Sc.** |
| Múinteoirí ó earnáil an Ghaeloideachais i dTuaisceart na hÉireann a d'fhorbair Turas na Scríbhneoireachta i gcomhar le CCEA le tacú le múinteoirí an scríbhneoireacht a theagasc ar bhealach struchtúrtha. Tá fáil ar ghnéithe éagsúla den scéim seo ag an *Padlet* thíosluaite a chuir Máire Nic an Rí le chéile.<br><br>Seicliosta ar féidir úsáid a bhaint as agus scríbhneoireacht dalta á meas. (Is féidir leis an dalta an seicliosta a úsáid mar áis féinmheasúnaithe freisin.)<br><br>**https://padlet.com/maire8/turas-na-scr-bhneoireachta-ur9pzx48yta4dbtt/wish/849495236**<br><br>Tá an leagan nua atá oiriúnaithe do chomhthéacs na scoileanna sa deisceart **ar fáil anois ag:**<br><br>(Bunranganna)<br>**https://online.fliphtml5.com/lfbld/dixe/#p=1**<br><br>(Ardranganna)<br>**https://online.fliphtml5.com/lfbld/aejp/#p=1** |  |
| ***Scríbhneoireacht Reatha: Ábhar Tacaíochta***<br>**Curaclam Teanga na Bunscolaíochta: Foráis sa Bhunscolaíocht** | **Sc.** |
| Ar leathanach 6 den áis seo, tá liosta le hurchair a bhféadfaí úsáid a bhaint as agus monatóireacht á déanamh ar fhorbairt na scríbhneoireachta reatha. Cé nach bhfuil ann ach ceannteidil, meastar go mbeadh sé ina chabhair ag múinteoirí atá ag plé le ranganna na naíonán, le bunranganna nó le daltaí a bhfuil deacrachtaí scríbhneoireachta acu. (Mar eolas, tá moltaí sa phaimfléad seo maidir le conas na scileanna cuí a fhorbairt.)<br><br>**Ar fáil ag:**<br>**https://www.curriculumonline.ie/getmedia/300dcdab-549a-4cd3-afc2-468d78babcc2/Scribhneoireacht-Reatha.pdf** |  |

| An Ghaeilge agus an Litearthacht i gCoitinne *(ar lean)* | |
|---|---|
| ***Greille Féinmheasúnaithe***<br>**Comhairle na hEorpa (2001)** | **Sc. L. É. Labh.** |
| D'fhéadfaí úsáid a bhaint as an ngreille féinmheasúnaithe seo de chuid Chomhairle na hEorpa agus tacaíocht á tabhairt do dhaltaí a bhfuil an Béarla mar Theanga Breise acu.<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://rm.coe.int/16806f50a4** |  |



# Áiseanna agus Foilseachain Ilchineálacha a bhfuil baint acu le Cúrsaí Measúnaithe

## *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna*

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2007)**




'Rinneadh an cháipéis seo, *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna*, a fhorbairt d'fhonn eolas agus tuiscint múinteoirí ar mheasúnú a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Soláthraíonn na treoirlínte samplaí de na dóigheanna a mbailíonn múinteoirí eolas faoi dhul chun cinn agus faoi ghnóthachtáil na bpáistí, an dóigh a n-úsáideann siad an t-eolas seo chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú, agus an dóigh a dtuairiscíonn siad an t-eolas seo do gach duine atá bainteach le hoideachas páistí' (Réamhrá).

Dírítear ar dhá phríomhchur chuige ar mheasúnú:

- *Measúnú chun Foghlama (McF)*
- *Measúnú den Fhoghlaim (MdF)*


Léirítear na hocht modh measúnaithe ar chontanam, mar atá:

- *Féinmheasúnú*
- *Comhdháil*
- *Measúnú ar fhillteáin tionscadail*
- *Léarscáiliú coincheapa*
- *Ceistiú*
- *Dírbhreathnú an mhúinteora*
- *Tascanna agus trialacha atá deartha ag an múinteoir*
- *Trialacha caighdeánaithe*

Níl anseo thíos ach samplaí de na háiseanna measúnaithe atá ar fáil sa leabhar seo. (Ar an drochuair, níl uimhreacha ar na leathanaigh.)

- Rúibric shamplach: Ag úsáid rúibrice don fhéinmheasúnú. (Is fiú breathnú ar Aguisín A, freisin, áit a gcuirtear breis eolais ar fáil maidir le conas rúibric a chur le chéile agus a úsáid.)
- Greille shamplach: Ag úsáid greille KWL *(Know, Want to Know, Learned)* don fhéinmheasúnú. (Is fiú breathnú ar Aguisín B, freisin, áit a bhfuil teimpléad de ghreille KWL ar féidir fótachóip a dhéanamh de.)
- Léaráid PMI *(Plus, Minus and Interesting)*: Ag baint úsáid as léaráid PMI le haghaidh féinmheasúnaithe.
- Comhdháil: Ag úsáid rúibric measúnaithe mar chuid de chruinniú.
- Comhdháil idir an múinteoir agus an páiste: gníomhaíocht shamplach.
- Sampla de theimpléad léarscála coincheapa.

**Ar fáil ag:**
**https://www.curriculumonline.ie/getmedia/5d73e919-0bc3-49b0-bc2a-5167b8b858bd/Assessment-Guidelines_Gaeilge.pdf**

| Áiseanna agus Foilseachain Ilchineálacha a bhfuil baint acu le Cúrsaí Measúnaithe *(ar lean)* | |
|---|---|
| ***Riachtanais Speisialta Oideachais: Leanúntas Tacaíochta – Pacáiste Acmhainní***<br>**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2007)** | |
| • Seicliosta bunriachtanas – lch 3<br>• Sampla de sheicliostaí don timpeallacht foghlama – lgh 7-10<br>• Seicliosta: Mo chuid Smaointe faoin Scoil (tuairimí an dalta) – lgh 11-12<br>• Seicliosta Tacaíochta Ranga (achoimre ar an eolas) – lgh 13-14<br>• Seicliosta bunaithe ar threoirlínte don tacaíocht ranga – lgh 15-16<br>• Seicliosta bunaithe ar threoirlínte don tacaíocht scoile – lgh 18-20<br>Tá áiseanna RSO eile sa leabhar seo, freisin – lena n-áirítear bileoga pleanála agus bileoga athbhreithnithe.<br><br>**Ar fáil ag:**<br>https://www.gov.ie/ga/bailiuchan/d6606a-none/ |  |
| ***Riachtanais Speisialta Oideachais: Leanúntas Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí***<br>**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2007)** | |
| 'Cuireadh na Treoirlínte seo i dtoll a chéile chun cabhrú le múinteoirí i mbunscoileanna riachtanais a aithint agus idirghabhálacha a fhorbairt agus measúnú a dhéanamh orthu chun freastal ar na riachtanais sin.' (lch 1)<br><br>**Ar fáil ag:**<br>https://www.gov.ie/ga/bailiuchan/d6606a-none/ |  |



## Áiseanna agus Foilseachain Ilchineálacha a bhfuil baint acu le Cúrsaí Measúnaithe *(ar lean)*

### *Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta: Leanúntas Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí*

**An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais; agus An Roinn Oideachais agus Scileanna**




'Gabhann na treoirlínte seo leis an bhfoilseachán *Special Educational Needs: A Continuum of Support* a scaipeadh ar na múinteoirí uile sa bhliain 2007. An próiseas seo, a mbaineann scoileanna agus múinteoirí úsáid as chun riachtanais speisialta oideachais a aithint agus a chomhlíonadh i gcoitinne, cuirtear i bhfeidhm é go sonrach anseo i dtaca le riachtanais iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta daltaí. Ní miste a rá gur d'fhoireann uile na mbunscoileanna a ceapadh na treoirlínte seo.' (lch 3)

- Seicliosta bunriachtanas – lch 65
- Seicliosta timpeallachta foghlama – lgh 66-67
- Seicliosta tacaíochta ranga – lgh 68-69
- Seicliosta tacaíochta scoile – lch 71
- Seicliosta an mhúinteora maidir le struchtúir agus tacaíochtaí ranga uile – lgh 81-82
- Seicliosta iompraíochta – lgh 83-86
- Treoirlínte don bhreathnóireacht i dtaca le hiompraíocht – lgh 87-88; teimpléad le haghaidh breathnóireachta ar ghrúpa ranga – lgh 89-90; teimpléid is féidir a úsáid chun taifid a dhéanamh i dtaca le hiompraíochtaí ar leith – lgh 91-93; teimpléad bunaithe ar sceideal breathnóireachta TOAD – lch 95 *(Tá cur síos ar an sceideal sin ar fáil ar lch 94)*
- Seicliosta: Mo Smaointe mar gheall ar an Scoil – lgh 96-100
- Próifíl bhreathnóireachta ar scileanna sóisialta – 101-102
- Taifead iompraíochta ABC – lgh 103-105

**Ar fáil ag:**
**https://assets.gov.ie/40684/7910ed2458ff461cacc1fbd9d22fdf3e.pdf**

### *Curaclam Matamaitice na Bunscoile: Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta*

**An Roinn Oideachais (Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta)**




- Fíor ina leagtar amach prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe a bhaineann leis an mbunoideachas, foghlaim na Matamaitice san áireamh – lch 3
- Treoir maidir le measúnú ar mhatamaitic na bunscoile – lgh 34-37

**Ar fáil ag:**
**https://www.curriculumonline.ie/getmedia/44d62070-9132-4ad7-9685-da0f8440ca0a/PrimaryMathematicsCurriculum_GA.pdf**

# Áiseanna agus Foilseachain Ilchineálacha a bhfuil baint acu le Cúrsaí Measúnaithe *(ar lean)*

## *Tacar Uirlisí Matamaitice na Bunscoile: Ábhair Thacaíochta*

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**

### Measúnú i dtreo Torthaí sa Mhatamaitic Bhunscoile

Cuireann an cháipéis seo leis na Treoirlínte Measúnaithe (CNCM, 2007). Moltar inti gur cheart 'uirlisí agus straitéisí measúnaithe a úsáid thar gach snáithe ar bhealach bríoch chun ullmhúchán a dhéanamh i dtreo na foghlama, chun tacú léi agus lena síneadh'.

Mínítear inti conas dialanna mata, mapaí coincheapa agus rúibricí a chur le chéile agus a úsáid.

**Ar fáil ag:**
https://www.curriculumonline.ie/getmedia/453bd5fd-14a9-467e-b98a-8e82ec8d374c/PMC_AT_Measunu-i-dtreo-Torthai-sa-Mhatamaitic-Bhunscoile_PMC-(1).pdf


### Cur chuige ionchuimsitheach i leith Fhoghlaim, Theagasc agus Mheasúnú Mhatamaitic na Bunscoile

Tá an t-ábhar tacaíochta seo 'nasctha le Caibidil 6 ó na sonraíochtaí curaclaim agus déantar iniúchadh ann ar fhoghlaim, teagasc agus measúnú. Cuirtear breithnithe agus moltaí praiticiúla maidir leis an ionchuimsiú a chur chun cinn i ngach réimse ar fáil.' (lch 1)

**Ar fáil ag:**
https://www.curriculumonline.ie/getmedia/f1e05923-1374-4c14-bf90-74584ea3ab43/PMC_AT_Cur-chuige-ionchuimsitheach-i-leith-F,-T-agus-M.pdf

## *Mo Scéal*

**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**





Seo teimpléid is féidir a úsáid chun eolas faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt pháiste a roinnt le tuismitheoirí /caomhnóirí agus, lena gcead siúd, leis an mbunscoil freisin.

Tá dhá leagan de na teimpléid ar fáil. 'An t-aon difríocht atá eatarthu ná Cuid 1: An Cleachtóir. Tá spás ar fáil i dTeimpléad 1 chun tuairiscí a chur ar fáil bunaithe ar cheithre théama *Aistear*. Tá deich n-abairt ar fáil i dTeimpléad 2 bunaithe ar gach ceann de théamaí *Aistear* mar aon le scála 4 phointe. Tá Cuid 2, 3 agus 4 mar an gcéanna sa dá chás.' (https://ncca.ie/ga/an-luath-oige/mo-sceal/teimpleid-thuairiscithe-mo-sceal/)

**Ar fáil ag:**
https://ncca.ie/ga/an-luath-oige/mo-sceal/teimpleid-thuairiscithe-mo-sceal/

## *Mo Phas Réamhscoile*



**AsIAm i gcomhar le Gaeloideachas**




Cé gur áis í seo a bhaineann go príomha le speictream an uathachais, is féidir leas a bhaint aisti chun eolas fíorluachmhar a bhailiú i dtaobh daltaí sna luathbhlianta i gcoitinne.

Is éard atá ann ná leagan Gaeilge de '*My Preschool Passport*', tacar cumarsáide do thuismitheoirí agus d'oidí luathbhlianta a chuir AsIAm le chéile agus a d'aistrigh Gaeloideachas.

**Ar fáil ag:**
https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2021/04/Mo-Phas-Réamhscoile-My-Preschool-Passport.pdf

| Áiseanna agus Foilseachain Ilchineálacha a bhfuil baint acu le Cúrsaí Measúnaithe *(ar lean)* | |
|---|---|
| ***Pas Oideachais***<br>**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta** | |
| Tacaíonn ábhair an Phas Oideachais le próiseas 3 bhealach maidir le haistriú faisnéise ar an scoláire ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil.<br>**Tá breac-chuntas ar an bpróiseas aistrithe ar fáil ag:**<br>**https://ncca.ie/media/4568/breac-chuntas-ar-an-bpróiseas-aistrithe.pdf**<br>D'fhéadfaí leas a bhaint as na foirmeacha a bhaineann leis an bPas Oideachais agus faisnéis mheasúnaithe á bailiú maidir le dalta bunscoile.<br>**Tá na foirmeacha ar fáil ag:**<br>**https://ncca.ie/ga/bunscoil/tuairisciu-agus-aistriu/pas-oideachais/** |  |
| ***Fúm Féin***<br>**AsIAm. (Is é Gaeloideachas a chuir an leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil.)** | |
| Cé go mbaineann an acmhainn seo go sonrach le páistí a bhfuil uathachas orthu, d'fhéadfaí é a úsáid le páiste ar bith, go háirithe páistí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Bheadh sé ina chabhair agus RSO na ndaltaí á sainaithint, idirghabhálacha á bpleanáil agus athbhreithniú á dhéanamh ar na hidirghabhálacha sin. Leagan Gaeilge den leabhrán '*About Me*' de chuid AsIAm atá ann, agus é aistrithe go Gaeilge ag Gaeloideachas.<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2021/04/Fúm-Féin.pdf** |  |
| ***Buanna – Ag smaoineamh faoin gcaoi a bhfoghlaimím rudaí***<br>**AsIAm agus Middletown Centre for Autism** | |
| Seo bileog is féidir a úsáid chun an páiste a spreagadh le cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé/sí rudaí.<br>Acmhainn atá aistrithe go Gaeilge ag Gaeloideachas i bpáirt le AsIAm agus *Middletown Centre for Autism* atá inti.<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2021/04/Buanna-Ag-smaoineamh-faoin-gcaoi-a-bhfoghlaimím-rudaí.pdf** |  |
| ***Seicliosta maidir leis an Timpeallacht Céadfaí***<br>**AsIAm (Is é Gaeloideachas a chuir an leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil).** | |
| Rinneadh an seicliosta seo a dhearadh le measúnú a dhéanamh ar thimpeallacht chéadfaí na scoile. D'fhéadfaí leas a bhaint as agus timpeallacht á cruthú a ligfeadh do scoláirí agus don fhoireann araon páirt iomlán a ghlacadh i saol na scoile.<br>Acmhainn de chuid AsIAm atá aistrithe ag Gaeloideachas.<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2021/04/Seicliosta-maidir-leis-an-Timpeallacht-Céadfaí.pdf** |  |

## *Próifíl Chéadfaí an Scoláire*

### AsIAm (Is é Gaeloideachas a chuir an leagan Gaeilge den acmhainn seo ar fáil).

Seo teimpléad féinmheasúnaithe is féidir a úsáid le teacht ar eolas maidir le rudaí a thaitníonn / nach dtaitníonn leis an bpáiste.

Acmhainn de chuid AsIAm a d'aistrigh Gaeloideachas go Gaeilge.

**Ar fáil ag:**

**https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2021/04/Próifíl-Céadfaí-an-Scoláire.pdf**



## *Treoir don Dea-Chleachtas maidir le hUathachas i Scoileanna: Ag Tacú le Leanaí agus Daoine Óga*

### An Roinn Oideachais. (2022)

'Forbraíodh an treoirdhoiciméad seo mar acmhainn do scoileanna chun tacú le riachtanais scoláiri a bhfuil uathachas orthu' (lch 15). É sin ráite. 'meastar go mbainfí úsáid níos leithne as an treoir seo. Mar shampla, d'fhéadfadh sé a bheith ina chuidiú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile atá ag obair le daltaí a bhfuil uathachas orthu. Is féidir go leor de na straitéisí a chur in oiriúint freisin chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) éagsúla acu, lena n-áirítear riachtanais foghlama, shóisialta nó iompraíochta. Ina theannta sin, is féidir le gach scoláire leas a bhaint as go leor de na cineálacha cur chuige atá leagtha amach sa treoir (m.sh., cuir chuige teagaisc amharcstruchtúrtha agus timpeallachtaí dearfacha idirghníomhaíochta'.


- Teimpléad is féidir a úsáid agus achoimre á déanamh ar na láidreachtaí agus na riachtanais atá tagtha chun solais sna réimsí measúnaithe éagsúla – lch 43
- Measúnú ar iompraíocht(aí) ar údar imní í/iad a thuiscint agus freagairt di/dóibh – seicliostaí agus treoir – lgh 165-170
- Liosta de phointí ba chóir a chur san áireamh agus scileanna nua á múineadh do dhalta ar a bhfuil uathachas; d'fhéadfaí an liosta sin a úsáid mar sheicliosta – Tábla 4, lch 178
- Breithnithe chun tacú le pleanáil aistrithe do scoláirí a bhfuil uathachas orthu – seicliosta – Tábla 7, lch 199
- Tábla is féidir a úsáid chun achoimre a dhéanamh ar an measúnú scoilbhunaithe – Aguisín 3, lch 219
- Tábla is féidir a úsáid chun próifíl scileanna, láidreachtaí agus riachtanas a chur le chéile – Aguisín 3, lch 220
- Seicliostaí agus teimpléid don Fhorbairt Iompraíochta – Aguisín 5 – lgh 223-233

**Ar fáil ag:**



**https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/7c691-treoir-dea-chleachtais-do-scoileanna-maidir-le-huathachas-ag-tacu-le-leanai-agus-daoine-oga/**




# Aguisín

| | |
|---|---|
| ***Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna***<br>**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2007)** | |
| Tá eolas faoin bhfoilseachán seo sa tábla 'Áiseanna agus Foilseacháin Ilchineálacha a bhfuil baint acu le Cúrsaí Measúnaithe' (thuas).<br><br>**Ar fáil ag:**<br>**https://www.curriculumonline.ie/getmedia/5d73e919-0bc3-49b0-bc2a-5167b8b858bd/Assessment-Guidelines_Gaeilge.pdf** |  |
| ***Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige – Treoirlínte le haghaidh an dea-chleachtais***<br>**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009)** | |
| Is creatchuraclam é *Aistear* le haghaidh leanaí in Éirinn don tréimhse 0-6 bliana d'aois. Cuireann sé síos ar fhoghlaim agus ar fhorbairt trí na ceithre théama bhainteacha seo a leanas: *Folláine agus Leas*; *Féiniúlacht agus Muintearas*; *Cumarsáid*; agus *Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht*.<br><br>Tá treoirlínte i dtaca le measúnú ar fáil sa chaibidil 'Tacú le foghlaim agus forbairt trí mheán an mheasúnaithe' (lgh 74-107). 'Cuireann na treoirlínte seo síos ar céard is measúnú ann agus léiríonn siad cad atá i gceist le measúnú le linn na luath-óige. Déantar tagairt shonrach ó am go chéile do ranganna na naíonán i mbunscoileanna mar a bhfuil bonn reachtaíochta leis an gcleachtas measúnaithe' (lch 75).<br><br>Tá eolas maidir le reachtaíocht, rialacháin agus measúnú ar fáil in Aguisín 2 (lgh 113-114).<br><br>**Ar fáil ag:**<br>**https://www.aistearsiolta.ie/ga/plean-il-agus-meas-n-/caipeisi-aistear-agus-siolta/treoirlinte.pdf**<br><br>Tá eolas ginearálta maidir le pleanáil agus measúnú i dtaca le téamaí Aistear ar fáil sa cháipéis ' Pleanáil agus Forbairt le Téamaí Aistear: Léargas Ginearálta'.<br><br>**Ar fáil ag:**<br>**https://www.aistearsiolta.ie/ga/plean-il-agus-meas-n-/forbhreathn-/**<br><br>Tá uirlis féinmheastóireachta do chleachtóirí ar fáil sa cháipéis 'Uirlis Féinmheastóireachta: Pleanáil agus Measúnú le Téamaí Aistear'. D'fhéadfaí na ceannteidil a luaitear sna táblaí éagsúla a úsáid mar threoir don bhreathnóireacht.<br><br>**Ar fáil ag:**<br>**https://www.aistearsiolta.ie/ga/plean-il-agus-meas-n-/uirlis-f-inmheast-ireachta/uirlis-feinmheastoireachta-pleanail-agus-measunu-le-teamai-aistear.pdf** | <br><br>AistearSíolta<br>Treoir Chleachtais |

# Aguisín *(ar lean)*

| | |
|---|---|
| ***Curaclam na Bunscoile: Matamaitic***<br>**Rialtas na hÉireann. (1999)** | |
| Forléargas ar chúrsaí measúnaithe i dtaca leis an matamaitic – lena n-áirítear moltaí maidir le conas measúnú a dhéanamh<br>(lgh 114-125).<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://www.curriculumonline.ie/getmedia/45b9017f-83d0-4379-be0a-775521849cc9/GA_1999_CuraclamnaBunscoile_Matamaitic.pdf** |  |
| ***Curaclam na Bunscoile: Matamaitic – Treoirlínte do Mhúinteoirí***<br>**Rialtas na hÉireann. (1999)** | |
| Moltaí praiticiúla i dtaobh an mheasúnaithe – lena n-áirítear moltaí maidir le: breathnóireacht an mhúinteora; tascanna agus trialacha múinteoir-bheartaithe; samplaí oibre agus tionscadail; próifílí curaclaim agus cuntais mháistreachta sa mhatamaitic; tástáil dhiagnóiseach; trialacha caighdeánaithe; agus próifíl an dalta.<br>Lgh 19-20; lch 27; lgh 64-65.<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://www.curriculumonline.ie/getmedia/0943554d-7989-4f50-a122-4676b0781de1/GA_1999_CuraclamnaBunscoile_Matamaitic_TreoirlintedoMhuinteoiri.pdf** |  |



# Aguisín *(ar lean)*

## *Treoir don Dea-Chleachtas maidir le hUathachas i Scoileanna: Ag Tacú le Leanaí agus Daoine Óga*

**An Roinn Oideachais. (2022)**




'Tá Treoir Dea-Chleachtais do Scoileanna maidir le hUathachas forbartha ag an Roinn Oideachais mar acmhainn do scoileanna agus eile.

Cuireadh le chéile í chun cuidiú le tacú le folláine, foghlaim agus rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga a bhfuil uathachas orthu san oideachas.

Is é an cuspóir atá léi cuidiú a thabhairt d'fhoireann na scoile tuiscint a fháil ar nádúr éagsúil láidreachtaí agus riachtanais na scoláirí, chomh maith le cur chuige scoile uile agus cur chuige aonair a aithint maidir le tacaíochtaí do scoláirí.

Is féidir le baill foirne a thacaíonn le daltaí a bhfuil uathachas orthu thar raon timpeallachtaí oideachais úsáid a bhaint aisti, lena náirítear suíomhanna príomhshrutha, ranganna speisialta agus scoileanna speisialta.

Rinneadh na treoirlínte a fhorbairt do dhaltaí a bhfuil uathachas orthu ach is féidir go leor de na straitéisí a chur in oiriúint dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (mar shampla, riachtanais foghlama, sóisialta nó iompraíochta).

Cuirtear ar fáil sa treoir faisnéis agus tacaíocht ar fud na 8 réimse nó na 'príomhréimsí cleachtais' seo a leanas – chun folláine, foghlaim agus rannpháirtíocht daltaí a bhfuil uathachas orthu a fheabhsú:

- Timpeallacht Foghlama
- Forbairt Teanga agus Cumarsáide
- Forbairt Shóisialta
- Forbairt Mhothúchánach
- Próiseáil Chéadfach
- Scileanna Feidhmiúla don Mhaireachtáil Laethúil
- Forbairt Acadúil
- Forbairt Eacnamaíoch

D'fhéadfadh sé go mbeadh cineálacha éagsúla riachtanas ag daltaí a bhfuil uathachas orthu.

Moladh sna treoirlínte go mbainfí úsáid as 8 bhfearann tacaíochta ar dhóigh iomlánaíoch agus idirnasctha chun láidreachtaí na ndaltaí a aithint agus freagairt dá riachtanais.

Clúdaíonn an treoir freisin tacú le daltaí a bhfuil imní orthu, le haistrithe, le hoideachas maidir le caidrimh agus gnéasacht, foghlaim dhigiteach agus teicneolaíocht chúnta, chomh maith le foghlaim ghairmiúil múinteoirí (TPL).'

(https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/7c691-treoir-dea-chleachtais-do-scoileanna-maidir-le-huathachas-ag-tacu-le-leanai-agus-daoine-oga/)

**Ar fáil ag:**
**https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/7c691-treoir-dea-chleachtais-do-scoileanna-maidir-le-huathachas-ag-tacu-le-leanai-agus-daoine-oga/**

# Aguisín *(ar lean)*

| | |
|---|---|
| ***Ag Tacú le Daltaí a bhfuil Deacrachtaí Litearthachta acu agus an Leanúntas Tacaíochta á Úsáid – Bunscoileanna***<br>**An Roinn Oideachais; agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais.** | |
| 'Dearadh an cháipéis chun tacú le scoileanna cur chuige bunaithe ar leanúntas a chur i bhfeidhm agus iad ag tacú le daltaí a mbíonn deacrachtaí acu le litearthacht i ngach comhthéacs scoile; scoileanna Béarla, scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lánGhaeilge' (lch 2).<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://www.google.com/url?sa=t&source=web&rct=j&opi=89978449&url=https://assets.gov.ie/245167/3c5db88e-de0e-46fb-a7b1-a228b676a6d1.pdf&ved=2ahUKEwiS_KOX59iGAxUla0EAHaVKC0oQFnoECBUQAQ&usg=AOvVaw13FkzSqDfGReZDAp80z0ad** |  |
| ***Riachtanais Speisialta Oideachais: Leanúntas Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí: Bunscoileanna***<br>**An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2007)** | |
| 'Cuireadh na treoirlínte seo i dtoll a chéile chun cabhrú le múinteoirí i mbunscoileanna riachtanais a aithint agus idirghabhálacha a fhorbairt agus measúnú a dhéanamh orthu chun freastal ar na riachtanais sin' (lch 1).<br>'Díríonn na treoirlínte seo ar an bpróiseas ar féidir le scoileanna agus le múinteoirí leas a bhaint as chun riachtanais speisialta oideachais daltaí aonair a aithint agus freastal ar na riachtanais sin i gcomhréir leis an tionchar a bhíonn ag na riachtanais sin ar fhoghlaim agus ar shóisialú na ndaltaí' (lch 2). (https://www.gov.ie/ga/bailiuchan/d6606a-none/)<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://www.gov.ie/ga/bailiuchan/d6606a-none/** |  |



# Aguisín *(ar lean)*

## *Riachtanais Speisialta Oideachais: Leanúntas Tacaíochta (Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí) – Bunscoileanna*

### An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (2007)



Is éard atá i gceist leis an bPacáiste Acmhainne seo a ghabhann leis an áis thuasluaite, *Riachtanais Speisialta Oideachais: Leanúntas Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí: Bunscoileanna (2007)* ná 'comhairle phraiticiúil agus teimpléid ar féidir fótachóipeanna a dhéanamh díobh a sholáthar do mhúinteoirí ionas go mbeidís ábalta iad a úsáid nó iad a chur in oiriúint lena núsáid chun tacú le daltaí ina seomraí ranga agus ar scoil' (lch 1). (https://www.gov.ie/ga/bailiuchan/d6606a-none/ )

- Seicliosta Bunriachtanas – lch 3
- Seicliosta don Timpeallacht Foghlama – lgh 9-10
- Seicliosta do 'Mo Chuid Smaointe faoin Scoil' – lgh 11-12
- Seicliosta Tacaíochta Ranga – lgh 13-14
- Treoirlínte don Seicliosta Tacaíochta Ranga – lgh 15-16
- Plean Tacaíochta Ranga: Teimpléad – lch 17
- Seicliosta Tacaíochta Scoile – lch 18
- Treoirlínte don Seicliosta Tacaíochta Scoile – lgh 19-20
- Plean Tacaíochta Scoile: Teimpléad – lgh 21-22
- Taifead Athbhreithnithe ar an Tacaíocht Scoile: Teimpléad – lch 23
- Tacaíocht Scoile Móide: Bileog Phleanála an Phlean Oideachais ar Bhonn Dalta Aonair – lgh 24-25
- Tacaíocht Scoile Móide: Bileog Athbhreithnithe an Phlean Oideachais ar Bhonn Dalta Aonair – lch 26

**Ar fáil ag:**
**https://www.gov.ie/ga/bailiuchan/d6606a-none/**

## *Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta: Leanúntas Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí*

### An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais; agus An Roinn Oideachais agus Scileanna



'Forbairt is ea na Treoirlínte ar dhoiciméid bhunaidh an Leanúntais Tacaíochta agus áirítear orthu cás-staidéir, ábhair mheasúnaithe agus idirghabhálacha. Áirítear ar na hábhair acmhainne ábhair d'idirghabhálacha ranga agus d'idirghabhálacha aonair' (lch 1).

**Ar fáil ag:**
**https://assets.gov.ie/40684/7910ed2458ff461cacc1fbd9d22fdf3e.pdf**

# Aguisín *(ar lean)*

| | |
|---|---|
| ***Treoirlínte ar an bPróiseas um Plean Oideachais Aonair***<br>**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. (2006)** | |
| 'Cuireann na treoirlínte sa doiciméad seo príomhghnéithe an phróisis POA i láthair faoi mar atá leagtha amach in Acht ODRSO, 2004. Tugtar an léitheoir trí na céimeanna éagsúla atá riachtanach chun POA (Pleananna Oideachais Aonair) a phleanáil, faisnéis a bhailiú ina leith agus é a scríobh' (lch *v*; Brollach).<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://teacherinduction.ie/en/component/edocman/treoirlinte-ar-an-bproiseas-um-plean-oideachais-aonair** |  |
| ***Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach: Treoir do na scoileanna maidir leis an uilechuimsitheacht i ndáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu***<br>**An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. (2011)** | |
| 'Is deis an creat seo do na scoileanna tréithe a gcuid nósanna i ndáil leis an uilechuimsitheacht a thabhairt faoi mheas' (lch 5).<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/Final-Irish-version-for-pub-on-web.pdf** |  |
| ***Freagairt do Theagmhais Chriticiúla: Treoirlínte agus Ábhair Acmhainne do Scoileanna ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais***<br>**An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2016)** | |
| 'Leagtar amach in *Freagairt do Theagmhais Chriticiúla: Treoirlínte agus Ábhar Acmhainne do Scoileanna* cén chaoi ar féidir le scoileanna pleanáil do ghéarchéimeanna agus cuirtear faoi chaibidil chomh maith na cuir chuige ba chóir do scoileanna a ghlacadh i leith timpeallacht shábháilte, thacúil a chothú' (lch 3)<br>***Cé nach mbaineann an foilseachán seo le cúrsaí measúnaithe, cinneadh ar é a lua sa leabhrán seo toisc a thábhachtaí is atá sé go mbeadh múinteoirí a bhíonn ag plé le daltaí bunscoile ar an eolas faoi na tacaíochtaí atá ann i dtaca le teagmhais chriticiúla – bíodh RSO ag na daltaí lena mbíonn siad ag plé nó ná bíodh.***<br>**Ar fáil ag:**<br>**https://www.gov.ie/ga/seirbhis/18530a-none/** |  |

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
23 Plás Windsor, Baile Átha Cliath 2, D02 RD80
Fón: 01 634 0831 www.cogg.ie